Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 28

# Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

## Réamhrá

Tá dualgas orm mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 28 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an riachtanais seo, réitigh mé an cuntas faoi iamh den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, i gcomhair seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun deontais i gcabhair agus ranníocaíochtaí chuig Eagraíochtaí Idirnáisiúnta a íoc.

Tá comparáid déanta idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2013, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaithe-i-gcabhair.

Tá farasbarr €21.39 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

***Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach***

Aistrítear idirbhearta a eascraíonn in airgeadraí iasachta go Euro ag ráta malairte an mhargaidh atá i réim ag tús na míosa.

***Fabhruithe, Réamhíocaíochtaí, Ceangaltais agus Stoic ag Misin Thaidhleoireachta***

Ní áirítear sna figiúirí maidir le fabhruithe, réamhíocaíochtaí agus ceangaltais aon suimeanna maidir le misin thaidhleoireachta na Roinne seachas iad siúd a bhaineann le réadmhaoin ar cíos. Ní áirítear luach stoc arna shealbhú ag misin ag deireadh na bliana ach oiread.

***Ceangaltais***

Ní áirítear sna ceangaltais ach amháin na suimeanna sin a bheidh dlite ón Roinn sna dhá mhí dhéag ina dhiaidh sin.

***Sócmhainní Caipitil***

Tá luach na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i ráiteas na sócmhainní caipitil bunaithe ar luacháil a cuireadh i gcrích in 2005 seachas

- talamh agus foirgnimh a fuarthas ó bhí 2005 a dtugtar a luach ar a gcostas
- trí áitreabh ambasáide a chuirtear san áireamh ar bhonn luachála gairmiúla a cuireadh i gcrích in 2011.

**Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht maidir le Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais***

Admhaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Ard-Rúnaí. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Timpeallacht um Rialú Airgeadais***

Dearbhaímse go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i gcomhair bainistíocht airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin chuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialúcháin Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- Córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach.
- Athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán.
- Córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn.
- Córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí á cur ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú. Le linn 2013 dámhadh 5 chonradh gan próiseas iomaíoch dar luach €2.56 milliún. Áirítear ar an bhfigiúr seo suim €2.1 milliún maidir le síneadh ar chonradh le haghaidh córas TFC dílsithe. Tá próiseas tairisceana um uasghrádú/athsholáthar á bhreithniú faoi láthair. Tá na conarthaí eile á mbainistiú go gníomhach ag an Roinn agus tá athbhreithniú á dhéanamh aici ar na socruithe soláthair.

***Clár Sócmhainní Seasta***

Tá an Roinn ag obair ar thionscadal chun a clár sócmhainní caipitil a nuashonrú. Táthar ag súil go ndéanfar roinnt sócmhainní atá dímheasta go hiomlán a dhíscríobh ón gclár chomh luath is a thabharfar an tionscadal chun críche.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra le hoiliúint chuí, a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Cuireann sé anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Roinne san áireamh agus é ag feidhmiú agus tá a phleananna inmheánacha bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialúcháin a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gcuirtear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh i gcrích.

**David Cooney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

28 Márta 2014

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádala. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Neamhchomhlíonadh rialacha um sholáthar***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta maidir le rialacha soláthair náisiúnta i dtaca le conarthaí a bhí á bhfeidhmiú i 2013.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

15 Méan Fomhair 2014

# Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil

# Cuntas Leithreasa 2013

| | | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Measta** | | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | | | |
| A | Leas eacnamaíoch agus trádála na hÉireann a chur chun cinn san Eoraip agus go hidirnáisiúnta | | 57,731 | | 52,910 | 50,639 |
| B | Seirbhísí consalachta, pas agus d'Éireannaigh thar lear | | | | | |
| | *Soláthar don Bhliain Reatha* | 71,968 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 400 | 72,368 | | 67,053 | 67,799 |
| C | Athmhuintearas agus comhoibriú ar an oileán seo | | 17,441 | | 16,420 | 16,519 |
| D | Cearta daonna, slándáil agus síocháin idirnáisiúnta | | 70,751 | | 63,898 | 73,184 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar don Bhliain Reatha* | 217,891 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 400 | **218,291** | | **200,281** | **208,141** |
| | *Asbhain* | | | | | |
| E | **Leithreasaí i gCabhair** | | **44,048** | | **47,998** | **47,734** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar don Bhliain Reatha* | 173,843 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 400 | | | | |
| | | | **174,243** | | **152,283** | **160,407** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas na suime a luaitear le cois an ghlanmhéid dlite le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir aon chuid de leithreasuithe do sheirbhísí soláthair chaipitil nár caitheadh, nó iad ar fad, a thabhairt anonn le caitheamh sa chéad bhliain eile

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 21,959,819 | 21,745,763 |
| Géilleadh iarchurtha | 570,000 | 400,000 |
| Barrachas le géilleadh | 21,389,819 | 21,345,763 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2013 | | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | 77,041 | 76,064 | 77,445 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | 5,880 | 4,993 | 4,492 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | 4,411 | 4,028 | 3,944 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 6,810 | 6,273 | 6,275 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | 18,111 | 17,856 | 17,917 |
| vi | Costais áitribh oifige | | 24,637 | 21,225 | 21,874 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar bheartais luach ar airgead | | 20 | 6 | 8 |
| viii | Ionadaíocht eachtrach agus costais cóiríochta | | 10,484 | 10,028 | 10,490 |
| ix | Uachtaránacht an AE | | 9,539 | 5,247 | 2,418 |
| x | Cathaoirleacht ar an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip | | 250 | 326 | 3,174 |
| | | | 157,183 | 146,046 | 148,037 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas cláir | | 54,235 | 60,104 |
| Pá | | 76,064 | 77,445 |
| Neamhphá | | 69,982 | 70,592 |
| **Ollchaiteachas** | | **200,281** | **208,141** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | **47,998** | **47,734** |
| **Glanchaiteachas** | | **152,283** | **160,407** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (2,419) | | |
| Diúscairtí in Airgead Tirim | 113 | | |
| (Brabús)/caillteanas ar dhiúscairt | (96) | | |
| Dímheas | 4,068 | | |
| | | 1,666 | 6,124 |
| **Athruithe ar ghlan-shócmhainní reatha** | | | |
| Glan ardú ar fhabhruithe deiridh agus ar réamhíocaíochtaí | 1,246 | | |
| Laghdú ar stoc | 1,813 | | |
| | | 3,059 | 1,556 |
| **Caiteachas díreach** | | **157,008** | **168,087** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 15,275 | 16,112 |
| Cíosanna barúlacha | | 759 | 755 |
| **Glan-chostas cláir** | | **173,042** | **184,954** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an méid caiteachais maidir le seirbhísí glan gaolmhara déanta suas den mhéid seo a leanas i ndáil le Vóta 28 atá seasta in áit éigin eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 60 | 135 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 8,821 | 9,791 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 5,749 | 5,574 |
| Vóta 20 Garda Síochána | m | 179 | 186 |
| Príomh Chiste – pinsin Airí | m | 466 | 426 |
| | | 15,275 | 16,112 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | 166,075 | 167,741 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.3 | 2,654 | 4,467 |
| Réamhíocaíochtaí | | 14,940 | 15,273 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 16,164 | 14,566 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **33,758** | **34,306** |
| **Lúide sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.5 | 14,496 | 13,906 |
| Costais fabhraithe | | 1,370 | 457 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 672 | 3,336 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 825 | (2,997) |
| Ranníocaíochtaí le comhlachtaí in Éirinn chun caidreamh idirnáisiúnta a chur chun cinn (deontais-i-gcabhair) | 7.1 | — | 90 |
| Caidrimh chultúrtha le tíortha eile (deontas-i-gcabhair) | 7.2 | 171 | 231 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **17,534** | **15,023** |
| **Glan-sócmhainní reatha** | | 16,224 | 19,283 |
| **Glan-sócmhainní** | | **182,299** | **187,024** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.1 | **182,299** | **187,024** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 187,024 | 194,704 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar Measta | Cuntas | 174,243 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (570) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (21,390) | | |
| Glan vóta | | | 152,283 | 160,407 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 15,275 | 16,112 |
| Caiteachas nach airgead tirim – cíos barúlach | 1 | | 759 | 755 |
| Glan-chostas cláir | 1 | | (173,042) | (184,954) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **182,299** | **187,024** |

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Talamh agus Foirgnimh | Feithiclí Mótair | Troscán agus fearais | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Eanáir 2013 | 157,218 | 3,064 | 48,534 | 76,156 | 284,972 |
| Breiseanna | — | 266 | 77 | 2,076 | 2,419 |
| Diúscairtí | — | (326) | — | — | (326) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2013 | 157,218 | 3,004 | 48,611 | 78,232 | 287,065 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2013 | — | 2,745 | 41,874 | 72,612 | 117,231 |
| Dímheas don bhliain | — | 187 | 1,914 | 1,967 | 4,068 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (309) | — | — | (309) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2013 | — | 2,623 | 43,788 | 74,579 | 120,990 |
| **Glan-sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **157,218** | **381** | **4,823** | **3,653** | **166,075** |
| **Glan-sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012** | **157,218** | **319** | **6,660** | **3,544** | **167,741** |

## 2.3 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Leabhráin pasanna | 2,397 | 4,216 |
| Stoic phrótacail | 108 | 129 |
| Stáiseanóireacht | 48 | 48 |
| Postas réamhíoctha | 7 | 7 |
| Earraí Inchaite TF | 94 | 67 |
| | 2,654 | 4,467 |

## 2.4 Iarmhéideanna Dochair Eile

| Amhail an 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Cuntais mhisin agus cheanncheathrún | 10,740 | 8,886 |
| Cuntais roinne agus gníomhaireachta | 2,641 | 2,956 |
| Cuntais óinchiste agus fionraí pearsanta | 1,005 | 980 |
| Cuntais airleacan tuarastail iasachta | 128 | 169 |
| Ilghnéitheach | 1,650 | 1,575 |
| | 16,164 | 14,566 |

| **2.5 Banc agus Airgead Tirim** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim PMG | (14,491) | (13,881) |
| Orduithe gan íoc | (5) | (25) |
| | (14,496) | (13,906) |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| Amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | — | 1,189 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | — | 438 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 13 | 638 |
| Cáin Bhreisluacha | 337 | 426 |
| Cáin Shiarchoinneálach um Sheirbhísí Gairmiúla | 34 | 18 |
| | 384 | 2,709 |
| Ilghnéitheach | 288 | 627 |
| | 672 | 3,336 |

| **2.7 Glandliteanas don/(ón) Státchiste** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 21,390 | 21,346 |
| Géilleadh iarchurtha | 570 | 400 |
| Deontas státchiste tarraingthe siar | (21,135) | (24,743) |
| Glandliteanas don/(ón) Státchiste | 825 | (2,997) |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair ar fionraí | 16,164 | 14,566 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (14,496) | (13,906) |
| Dlite don Stát | (384) | (2,709) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (288) | (627) |
| Iarmhéideanna sochair: Cuntais deontais i gcabhair | (171) | (321) |
| | (15,339) | (17,563) |
| | 825 | (2,997) |

## 2.8 Ceangaltais

Is éard atá sna figiúirí ceangaltais a luaitear thíos ná iomlán na suimeanna infhorfheidhmithe de réir dlí atá le híoc in 2014 agus baineann siad le híocaíochtaí cíosa maoine thar lear agus le ceangaltais riaracháin eile.

| amhail an 31 Nollaig | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Mar seo a leanas a dhéantar anailís ar an méid: | | |
| (i) Oifig na bPasanna agus costais riaracháin eile | 1,345 | 884 |
| (ii) Íocaíochta cíosa maoine thar lear | | |
| Déantar anailís ar an méid d'íocaíochtaí cíosa maoine de réir dhul in éag léasa mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 2,195 | 1,113 |
| dir dhá bhliain agus cúig bliana | 6,138 | 5,263 |
| Cúig bliain agus os a chionn | 3,881 | 5,671 |
| | **12,214** | **12,047** |
| **Ceangaltais iomlána** | **13,559** | **12,931** |

Déantar ceangaltais cíosa maoine arna ndéanamh faoi théarmaí na gcomhaontuithe léasa maoine a fhritháireamh ag réamhíocaíochtaí. B'ionann cíosanna réamhíoctha agus €2.15 milliún (2012:€2.65 milliún).

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-mhírcheann

| | | 2013 | | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Leas eacnamaíoch agus trádála na hÉireann a chur chun cinn san Eoraip agus go hidirnáisiúnta** | | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | | 22,666[1] | 22,381 | 22,786 |
| A.2 | Riarachán – Neamhphá | | 30,817 | 26,913 | 22,350 |
| A.3 | Seirbhísí eolais | | 502 | 296 | 241 |
| A.4 | Caidrimh chultúrtha le tíortha eile (deontas i gcabhair) | | 846 | 846 | 846 |
| A.5 | Tionscadal Shlí an Atlantaigh | | 175 | 175 | 175 |
| A.6 | An ciste um thionscnamh trádála | | 400 | 276 | 303 |
| A.7 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | 2,325 | 2,023 | 3,935 |
| — | *Bord Comhairle Éire-Meiriceá* | | — | — | *3* |
| | | | 57,731 | 52,910 | 50,639 |

[1] Mar gheall ar earráid chlóghrafach in Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe, tá fo-mhírcheann A.1 agus A.2 éagsúil ó na meastacháin foilsithe. Rinneadh foráil do €2 milliún faoi A.1 Pá ar chóir a bheith san áireamh faoi A.2 Riarachán Neamhphá.

**Míniú ar dhifríochtaí suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil leis Clár A €4.82 milliún níos ísle ná mar a cuireadh ar fáil. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán Neamhphá | 3,904 | (i) Uachtaránacht an AE - Baineadh coigiltis €4.29 milliún amach i ngeall ar líon fachtóirí agus bearta coigilte costais a thug an Roinn isteach mar a leanas:<br>• Chuidigh úsáid ionaid láraithe chun na himeachtaí agus na seimineáir uile a óstáil leis an gcostas ar fhostú imeachta a laghdú.<br>• Bunú líon creata soláthair iomaíocha lena n-úsáid ag gach roinn.<br>• Fuair an Roinn líon urraíochtaí a chuir seirbhísí ar fáil saor in aisce le haghaidh uachtaránacht an AE<br>• Rinneadh imeachtaí a tionóladh ag Misin chun Uachtaránacht an AE a chur chun cinn a chomhcheangal le himeachtaí cur chun cinn eile, rud a laghdaigh na costais.<br><br>Bhí an buiséad €9.54 milliún bunaithe ar na buiséid chaiteachais níos airde maidir le hóstaigh eile an AE agus Uachtaránacht na hÉireann ar an AE roimhe seo in 2009<br><br>(ii) Neamhphá eile - bhí caiteachas breise €388,000 glan maidir le raon eile fo-cheannteidil neamhphá. |
| Seirbhísí eolais | 206 | Bhí an caiteachas ar imeachtaí a bhain leis an Uachtaránacht agus imeachtaí eile níos b'ísle ná mar a rabhthas ag súil leis. I ngeall ar mhoilleanna le tionscadal an tsuímh ghréasáin bhí laghdú ar an gcaiteachas agus bhí barainneachtaí in áiteanna eile chomh maith. Ina theannta sin, aistríodh ról na Seirbhísí Faisnéise maidir le Cumarsáid faoin Eoraip i mí na Bealtaine/an Mheithimh 2013 ón Roinn go dtí Roinn an Taoisigh. |

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ciste chur chun cinn trádála | 124 | Tá Comhchoimisiúin Eacnamaíochta (JEC) ag Éirinn le líon beag tíortha agus buaileann siad le chéile gach dara bliain. Baintear úsáid as maoiniú chun tacú le tionscadail a fhorbraíonn ár gcaidreamh trádála déthaobhach le tíortha JEC is comhpháirtí. Rinneadh coigiltis mar thoradh ar thionscadail nár tugadh chun críche de bharr tosca nach raibh súil leo.<br><br>Chomh maith leis sin, níor cuireadh roinnt tionscadal maidir le Straitéis na hÁise chun cinn ag na misin de bharr brúnna eile orthu agus ceisteanna uainiúcháin lenar cuireadh ar aghaidh go 2014 iad. |
| Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 302 | Lorgaíonn an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) réamhíocaíocht ar ranníocaíocht mheasúnaithe na bliana le teacht i mí na Nollag gach bliain. I mí Iúil/Lúnasa den bhliain ina dhiaidh sin nochtar méid iomlán na ranníocaíochta measúnaithe na bliana sin agus iarrtar an t-iarmhéid a bhíonn fós le híoc. Mar thoradh air sin is deacair an riachtanas buiséid a mheas. |

| | | | | 2013 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar | Measta | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Seirbhísí consalachta, pas agus d'Éireannaigh thar lear** | | | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | | | 31,186 | 30,788 | 31,345 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Soláthar don Bhliain Reatha* | 29,080 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 400 | 29,480 | 25,393 | 24,858 |
| B.3 | Aisdúichiú agus cothabháil na nÉireannach atá i dtrioblóid thar lear | | | 79 | 1 | 10 |
| B.4 | Tacaíocht do sheirbhísí eisimirceach Éireannach | | | 11,623 | 10,871 | 11,586 |
| | | | | 72,368 | 67,053 | 67,799 |

**Míniú ar dhifríochtaí suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis Clár B €5.32 milliún níos ísle ná mar a cuireadh ar fáil. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 4,100 | Baineadh coigiltis ar chostais amach thar raon réimsí lena n-áirítear caipiteal, costais áitreabh oifige agus socruithe cíos léasa. Is ionann é sin agus an cion a leithdháileadh ar na seirbhísí um Chonsalacht, pasanna agus Éireannaigh thar lear |
| Tacaíocht do sheirbhísí eisimirceach Éireannach | 752 | Luaineachtaí airgeadra ba chúis le coigilteas mór faoin gclár seo mar go ndéantar gach iarratas a mheas agus a íoc in airgeadra áitiúil. Bhí costais an Fhóraim Dhomhanda Eacnamaíochta, a tionóladh i mí Deireadh Fómhair 2013, go mór níos ísle ná imeachtaí roimhe. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **Athmhuintearas agus comhoibriú ar an oileán seo** | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | 7,604 | 7,508 | 7,648 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 6,942 | 6,064 | 6,024 |
| C.3 | Comhoibriú Thuaidh/Theas agus Angla-Éireannach | 2,745 | 2,698 | 2,697 |
| C.4 | Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn | 150 | 150 | 150 |
| | | 17,441 | 16,420 | 16,519 |

**Míniú ar dhifríochtaí suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil leis Clár C €1 milliún níos ísle ná mar a cuireadh ar fáil. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| **Tuairisc** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 878 | Baineadh coigiltis ar chostais amach thar raon réimsí lena n-áirítear caipiteal, costais áitreabh oifige agus socruithe cíos léasa. Is ionann é sin agus an cion a leithdháileadh ar an gclár maidir le Réiteach agus Comhoibriú ar an Oileán seo. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **D** | **Cearta Daonna, Slándáil agus Síocháin Idirnáisiúnta** | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | 15,585 | 15,386 | 15,666 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 13,303 | 11,614 | 17,360 |
| D.3 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 41,445 | 36,482 | 39,931 |
| D.4 | Gníomhartha mar thoradh ar Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh | 418 | 416 | 227 |
| | | 70,751 | 63,898 | 73,184 |

**Míniú ar dhifríochtaí suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil leis Clár D €6.85 milliún níos ísle ná mar a cuireadh ar fáil. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 4,963 | Luaitear an éagsúlacht fhoriomlán seo le buiséad Síochánaíochta na Náisiún Aontaithe go príomha. Is deacair ranníocaíochtaí éigeantacha na hÉireann le buiséad Síochánaíochta na Náisiún Aontaithe a thuar, mar gheall, i measc nithe eile, gur i lár na bliana a chomhaontaítear an buiséad Síochánaíochta foriomlán. Chomh maith leis sin, ní mór foráil a dhéanamh do mhisin síochánaíochta nua a d'fheadfadh teacht chun cinn i rith na bliana sin, chomh maith le do luainíocht sa ráta malairte (i nDollair SAM a dhéantar íocaíochtaí). Bhí na costais iarbhíre in 2013 níos ísle ná mar a bhí tuartha. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2013** | | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile | 39,020 | 43,278 | 43,011 |
| 2. | Aisíocaíocht ar airleacain aisdúichithe agus cothabhála | 30 | 1 | 11 |
| 3. | Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta | 750 | 936 | 837 |
| 4. | Ilghnéitheach | 500 | 374 | 330 |
| 5. | Fáltais as asbhaint i leith pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 3,748 | 3,409 | 3,545 |
| | **Iomlán** | 44,048 | 47,998 | 47,734 |

**Míniú ar dhifríochtaí suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an ioncam ó leithreasaí-i-gcabhair €3.95 milliún níos mó ná mar a cuireadh ar fáil. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| **Tuairisc** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile | 3,836 | Bhí an t-ioncam ó iarratais ar phasanna €2.594 milliún chun tosaigh. Ós rud é gur seirbhís bunaithe ar éilimh atá i bpróiseáil pasanna, tá sé deacair leibhéal na n-iarratas nó meascán na n-iarratas a gheofar i mbliain ar bith a thuar go cinnte.<br><br>Bhí táillí consalacha chun tosaigh ar an réamh-mheastachán de bharr méaduithe ar na táillí le haghaidh “Certificat de Coutume”, clárú breitheanna coigríche agus fíordheimhniú doiciméad. Níor tháinig athrú ar bith ar iarratais ar uchtuithe. Bhí táillí víosaí €0.4 milliún chun tosaigh ar an réamh-mheastachán i ngeall ar éileamh méaduithe. |
| Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ó luach saothair seirbhíse poiblí | (339) | Bhí asbhaintí a bhaineann le pinsin níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr tuarastail níos ísle a d’eascair as Comhaontú Bhóthar Haddington. |

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Fáltais ó mhaoin a dhíol | — | 2,134 |

# 5 Líon na bhFostaithe agus Pá

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **An líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 1,218 | 1,260 |

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 69,076 | 70,510 |
| Ard-liúntais, liúntas speisialta nó liúntas do dhualgais bhreise | 229 | 258 |
| Liúntais eile | 214 | 308 |
| Ragobair | 853 | 986 |
| PRSI Fostóra | 3,097 | 3,088 |
| Leas sóisialta/árachas sláinte eachtrach (misin) | 2,595 | 2,295 |
| **Pá Iomlán** | **76,064** | **77,445** |

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhFaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uas-Íocaíocht Aonair 2013<br>€ | Uas-Íocaíocht Aonair 2012<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Ard-liúntais, liúntas speisialta nó liúntas do dhualgais bhreise | 54 | 5 | 16,585 | 20,613 |
| Liúntais eile | 102 | — | 8,053 | 8,077 |
| Ragobair | 404 | 20 | 36,200 | 35,732 |

Fuair daoine ar leith breis luach saothair faoi bhreis is catagóir amháin.

### 5.2 Socruithe eile maidir le Luach Saothair

Íocadh íocaíochtaí arb ionann €24,539 (2012: €154,192) iad le 3 (2012: 4) a bhí ar scor agus ar fostaíodh iad chun saintascanna a dhéanamh.

Íocadh scaoilíocaíochtaí arb ionann €114,101 (2012: €406,291) iad le 17 mball foirne (2012: 21) a bhí fostaithe go háitiúil ag ambasáidí thar lear.

Íocadh scaoilíocaíochtaí arb ionann €20,426 iad le beirt iar-bhall foirne Aireachta.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais Dlí agus Cúiteamh

Rinneadh íocaíochtaí maidir le costais agus táillí dlíthiúla a tabhaíodh ar raon leathan cúrsaí a tháinig chun cinn ag an gceanncheathrú agus ag misin thar lear. Is é seo a leanas líon iomlán na gcásanna agus na n-íocaíochtaí:

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachas don bhliain dar críoch 31 Nollaig | | |
| Táillí dlí | 132 | 50 |
| Costais cúiteamh | 5 | 121 |
| | **137** | **171** |

**Cásanna cúiteamh**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Líon na gcásanna | 1 | 6 |

# 7 Cuntais Ilghnéitheacha

### 7.1 Ranníocaíochtaí le Comhlachtaí in Éirinn chun Caidreamh Idirnáisiúnta a chur chun cinn (Deontais-i-gCabhair)

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 90 | 90 |
| Deontais-i-gcabhair | — | — |
| | 90 | 90 |
| Aisíoctha leis an Státchister[1] | (90) | — |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | 90 |

[1] In 2009 tháinig deireadh leis an gclár 'Ranníocaíochtaí le comhlachtaí in Éirinn chun caidreamh idirnáisiúnta a chur chun cinn' agus bhí iarmhéid barrachais sa chlár nach bhféadfaí a úsáid laistigh den Roinn. Tharla sé sin toisc gur aistríodh an fhreagracht as na cláir eile chuig Roinn an Taoisigh. In 2013 i ndiaidh comhairliúchán leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, íocadh an t-airgead sin isteach sa Státchiste arís.

### 7.2 Caidrimh Chultúrtha le Tíortha Eile (Deontais-i-gCabhair)

Líon na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 231 | 200 |
| Deontais-i-gcabhair (fo-mhírcheann A.4) | 846 | 846 |
| | 1,077 | 1,046 |
| Caiteachas | (906) | (815) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | 171 | 231 |